| An Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna 2017 | | Artist in Schools Scheme 2017 |
|---|---|---|
| the arts council / an chomhairle ealaíon – funding the arts – artscouncil.ie | Comhairle Chontae na Gaillimhe / Galway County Council | Galway Arts Centre |

| Tá an fhoirm seo le fáil i gcló mór chomh maith | This form is also available in large print |
|---|---|
| Tá míle fáilte an fhoirm seo a líonadh i nGaeilge | |

| **Seo a leanas an dáta deiridh a nglacfar le Foirmeacha Iarratais Comhlánaithe: 23 Feabhra 2017 ag 4 in** | Deadline for the receipt of Completed Application Forms is: 23 February 2017 at 4 pm |
|---|---|
| **Léigh na Treoirlínte Iarratais sula gcomhlánaítear an fhoirm seo.**<br><br>**Táthar ar tí tús a chur le clár 2017 den Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna. Scéim í seo arna rith ag Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus atá oscailte do gach bunscoil i gceantar riaracháin Chomhairle Chontae na Gaillimhe. An aidhm atá léi ná deis a thabhairt do leanaí oibriú le healaíontóir gairmiúil ar thogra aon-uaire sna físealaíona, damhsa, litríocht, ceol, grianghrafadóireacht, scannán, srl.**<br><br>**Cé nach bhfuil sé indéanta an scéim seo a thairiscint do gach scoil a dhéanann iarratas, féachtar an clár a scaipeadh a mhéid agus is féidir agus an oiread foirmeacha ealaíne agus is féidir a chuimsiú ann. Féachtar freisin leis an scéim a dhámhadh ar iarratasóirí nár éirigh leo roimhe seo.**<br><br>**Tabhair ar aird nach mbeidh iarratasóirí ar éirigh leo in 2016 incháilithe don bhabhta seo maoinithe.** | Please read the Application Guidelines before completing this form.<br><br>The Artist in Schools Scheme is about to commence its 2017 programme. This scheme is run by Galway County Council's Arts Office and is open to all primary schools in Galway County Council's administrative area. Its aim is to offer children the opportunity to work with a professional artist on a once-off project in visual arts, dance, literature, drama, music, photography, film, etc.<br><br>While it is not possible to offer this scheme to every school that applies, the programme seeks to encourage, in so far as possible, an art-form and geographic spread and also to award the scheme to previously unsuccessful applicants.<br><br>Please note that successful applicants in 2016 are automatically ineligible for this round of funding. |

| **Mionsonraí na Scoile** | Details of School | |
|---|---|---|
| **Ainm na Scoile** | Name of School | |
| **Seoladh** | Address | |
| | | |
| | | |
| **Eircód** | Eircode | |

| | | |
|---|---|---|
| **Teil** | Tel | |
| **Ríomhphost:** | Email: | |
| **Líon na nDaltaí** | No. Of Pupils | |
| **Líon na Múinteoirí** | No. Of Teachers | |
| **Príomhoide** | Principal | |
| **Comhordaitheoir Togra (teagmháil s'againne don chónaitheacht)** | Project Co-ordinator (our contact for the residency) | |

| **Mionsonraí an Ealaíontóra** | | Details of Artist |
|---|---|---|
| **Ainm** | Name | |
| **Seoladh** | Address | |
| | | |
| | | |
| **Eircód** | Eircode | |
| **Teil** | Tel | |
| **Ríomhphost:** | Email: | |
| **Láithreán Gréasáin (más ann dó)** | Website (if applicable) | |
| **Fianaise de Dheimhniú Imréitigh an Gharda Síochána** | Evidence of Garda Clearance Certificate | |

| **Cén uair a bheidh an togra ar bun?** | | When will the project take place? |
|---|---|---|
| **Aibreán-Meitheamh 2017** | April – June 2017 | |
| **Meán Fómhair - Nollaig 2017** | September – December 2017 | |

| T**abhair mionsonraí maidir leis an togra beartaithe (300 focal)** | Please give details of the proposed project (300 words) |
|---|---|
| | |

| | |
|---|---|
| | |
| **Leag amach na torthaí a bhfuiltear ag súil leo ón togra beartaithe (200 focal)** | Please outline the anticipated outcomes of the proposed project (200 words) |
| | |
| **Seo a leanas an dáta deiridh a nglacfar le Foirmeacha Iarratais Comhlánaithe: 23 Feabhra 2017 ag 4 in** | Deadline for the receipt of Completed Application Forms is: 23 February 2017 at 4 pm |

| | | |
|---|---|---|
| **Seol an fhoirm ar ais chuig:**<br>**An Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna 2017**<br>**An Oifig Ealaíon**<br>**Comhairle Chontae na Gaillimhe**<br>**Áras an Chontae**<br>**Cnoc na Radharc**<br>**Gaillimh** | Return to:<br>Artist in Schools Scheme 2017<br>Arts Office<br>Galway County Council<br>Áras an Chontae<br>Prospect Hill<br>Galway | Tel. (091) 509584<br>Fax (091) 779082<br>bcunningham@galwaycoco.ie<br>www.gaillimh.ie<br>www.galway.ie |

| **An Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna 2017 Treoirlínte** | | Artist in Schools Scheme 2017 Guidelines |
| --- | --- | --- |

| **Tá an fhoirm seo le fáil i gcló mór chomh maith** | This form is also available in large print |
| --- | --- |
| **Tá míle fáilte an fhoirm seo a líonadh i nGaeilge** | |

| **Seo a leanas an dáta deiridh a nglacfar le Foirmeacha Iarratais Comhlánaithe: 23 Feabhra 2017 ag 4 in** | Deadline for the receipt of Completed Application Forms is: 23 February 2017 at 4 pm |
| --- | --- |
| **Fáilteoidh Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae na Gaillimhe roimh iarratais ar an Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna atá oscailte do gach bunscoil i gCeantar Riaracháin Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Is é aidhm na scéime deis a thabhairt do dhaltaí i scoileanna ar fud an chontae dul ag obair le healaíontóir gairmiúla. Ní féidir le scoil ach iarratas amháin a dhéanamh. Beidh cead ag scoil teagmháil a dhéanamh leis an ealaíontóir ar mian léi dul ag obair leis/léi agus vice versa. Ní mór don scoil agus don ealaíontóir comhoibriú le chéile chun tionscadal oiriúnach a fhorbairt don scéim agus togra a chur ar aghaidh ina mbeidh achoimre ar théamaí, aidhmeanna agus an tionchar is dócha a bheidh ag an tionscadal ar an scoil agus ar na daltaí a bheidh páirteach ann.** | Galway County Council's Arts Office invites the submission of applications for the Artist in Schools Scheme, which is open to all primary schools in the Galway County Council Administrative Area. The aim of the scheme is to give pupils in schools all over the county the opportunity to work with a professional artist.<br><br>The school may only submit one application. The school may approach the artist they wish to work with or vice versa. The school and the artist must collaborate on developing a suitable project for the scheme and submit a proposal outlining the themes, aims and anticipated impacts the project will have on the school and participating students. |
| **Tabhair ar aird nach mór don Scoil an fhoirm iarratais a chur ar aghaidh agus gur leis an Scoil a dhéanfaimid cumarsáid.**<br>**Ní fhéadfaidh múinteoirí reatha i scoileanna iarratas a dhéanamh ar a bheith ina nEalaíontóirí chun críocha na scéime seo.**<br>**Comhairle Chontae na Gaillimhe a íocfaidh táille an ealaíontóra i gcomhair 40 uair an chloig teagmhála ag ráta de €40 in aghaidh na huaire. Íocfar táille iomlán de €1,600 leis an ealaíontóir in dhá thráthchuid.**<br>**Chun iarratas a dhéanamh, seol na nithe seo a leanas chugainn:**<br>- **Foirm Iarratais.**<br>- **CV an ealaíontóra.** | Please note that the application form must be submitted by the School and our correspondence with be with the school.<br><br>Existing teachers in schools may not apply as the Artist for the purpose of this scheme.<br><br>The artist fee will be funded by Galway County Council for 40 contact hours at a rate of €40/hour for a total of €1,600 payable to the artist directly in two instalments.<br><br>To apply, please include the following:<br>• Application Form.<br>• CV of artist. |

- **Punann an Ealaíontóra (samplaí de shaothar roimhe seo i bhfoirm grianghraf nó cáipéisíochta eile)**
- **Taithí ábhartha roimhe seo i gcomhthéacs oideachais nó pobail.**
- **Togra i scríbhinn den tionscadal, ag léiriú aidhmeanna agus cuspóirí, líon na ndaltaí a bheidh páirteach ann, creat ama an tionscadail agus na torthaí foghlama a bhfuiltear ag súil leo.**

**Cuir gach iarratas i scríbhinn ar aghaidh chuig an Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna 2017, An Oifig Ealaíon, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Cnoc na Radharc, Gaillimh, le do thoil. An 23 Feabhra 2017 ag 4 in an dáta deiridh a nglacfar le tograí. Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe teagmháil le gach iarratasóir chun toradh a n-iarratais a chur in iúl dóibh. Cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an phainéil.**

**Chun tuilleadh eolais a fháil, seol ríomhphost chuig bcunningham@galwaycoco.ie nó glaoigh ar 091 509584.**

- Portfolio of Artist (Samples of previous work in the form of photographs or other documentation).
- Relevant previous experience in the educational or community context.
- A written proposal of the project indicating the aims and objectives, the number of pupils participating, the timeframe of the project as well as the anticipated learning outcomes.

Please submit all applications in writing to the Artist in Schools Scheme 2017, Arts Office, Galway County Council, Áras an Chontae, Prospect Hill, Galway. The deadline for the submission of proposals is 23 February 2017 at 4 pm. Galway County Council will contact all applicants to advise them of the outcome of their application. All decisions made by the panel will be final.

For further information, email bcunningham@galwaycoco.ie or telephone 091 509584.

**Coinníollacha**

**Treoirlínte don Scoil**

- **Ní mór do gach tionscadal fianaise a bheith acu go bhfuil árachas Dliteanais Phoiblí leordhóthanach acu. Beidh ar scoileanna a mbronnfar tacaíocht airgeadais orthu slánaíocht shonrach do Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chur ar a bpolasaí árachais féin maidir leis an tionscadal.**
- **Ní mór do mhúinteoir a bheith i láthair an t-am ar fad, fad a bheidh an t-ealaíontóir ag obair leis na daltaí sa scoil. Beidh ar scoileanna a n-éireoidh leo conradh gearr a shíniú ag glacadh le téarmaí na scéime sula gcuirfear tús léi.**
- **Ní mór aitheantas a thabhairt do Chomhairle Chontae na Gaillimhe i ngach ábhar poiblíochta a bhaineann leis an tionscadal.**
- **Ní mór don scoil costas an spáis agus gach ábhar a theastóidh don tionscadal a chlúdach.**
- **Ní bhreithneofar tionscadail a bhainfeadh le múrmhaisiú sa scoil.**
- **Ní mór ról an Ealaíontóra, na Múinteoirí agus na nDaltaí i rith gach céime den tionscadal, ó**

Conditions

Guidelines for the School

- All projects should have evidence that adequate Public Liability insurance is in place. Schools awarded financial support will have to provide specific indemnity for Galway County Council on their Insurance Policy in respect of the project.
- A teacher must be present at all times with the artist while working with students in the school. Successful schools will be required to sign a short contract accepting the terms of the scheme prior to commencement.
- Galway County Council must be acknowledged in all publicity relating to the project.
- The school must cover costs of all materials and space required for the project.
- Projects focusing on the development of a mural in the school will not be considered.
- The roles of the Artist, Teachers and Students during each stage of the project from the

| | |
|---|---|
| **ullmhúchán go cur i gcrích go doiciméadúchán a leagan amach agus a léiriú sa togra scríofa.**<br>- **Ar an tionscadal a thabhairt chun críche, ní mór don scoil agus don ealaíontóir meastóireacht i scríbhinn a chur ar aghaidh, ag tabhairt achoimre ar na torthaí agus ar an tionchar a bhí ag an tionscadal ar an scoil, agus ní mór cáipéisíocht iomchuí maidir leis a bheith san áireamh.**<br><br>**<u>Treoirlínte don Ealaíontóir</u>**<br>- **Ní mór polasaithe ó thaobh Cosaint Leanaí a bheith i bhfeidhm ag an ealaíontóir.**<br>- **Ní mór árachas Cuí Sláinte agus Sábháilteachta Beartais agus Nósanna Imeachta a bheith I bhfeidhm.**<br>- **Ní mór aitheantas a thabhairt do Chomhairle Chontae na Gaillimhe i ngach ábhar poiblíochta a bhaineann leis an tionscadal.**<br>- **Ní mór ról an Ealaíontóra, na Múinteoirí agus na nDaltaí i rith gach céime den tionscadal, ó ullmhúchán go cur i gcrích go doiciméadúchán a leagan amach agus a léiriú sa togra scríofa.**<br>- **Ní mór d'ealaíontóirí freastal a bheith déanta acu ar na Ceardlanna Múscailte Feasachta maidir le Cosaint Leanaí dar teideal "Keeping Safe" le bheith páirteach sa scéim. Beidh ar na hiarratasóirí a n-éireoidh leo dul faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána sula gcuirfear tús leis an tionscadal.**<br><br>**Tabhair ar aird, le do thoil, nach mór do thionscadail a bheith tugtha chun críche faoin 15ú Nollaig 2017.** | preparation to execution to documentation must be established and indicated in the written proposal.<br>- On completion of the project, the school and the artist must submit a written evaluation outlining the outcomes and its impacts on the school and must include appropriate documentation of the project.<br><br><u>Guidelines for the Artist</u><br>- The artist must have appropriate policies in place as regards Child Protection.<br>- Appropriate insurance policies and Health and Safety Procedures must be in place.<br>- Galway County Council must be acknowledged in all publicity relating to the project.<br>- The roles of the Artist, Teachers and Students during each stage of the project from the preparation to execution to documentation must be established and indicated in the written proposal.<br>- Artists must have completed "Keeping Safe" Child Protection Awareness Workshops in order to participate. Successful applicants will require Garda Vetting prior to the commencement of the project.<br><br>Please note, projects must be completed by the 15th December 2017. |


| | | |
|---|---|---|
| **Seol an fhoirm ar ais chuig:**<br>**An Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna 2017**<br>**An Oifig Ealaíon**<br>**Comhairle Chontae na Gaillimhe**<br>**Áras an Chontae**<br>**Cnoc na Radharc**<br>**Gaillimh** | Return to:<br>Artist in Schools Scheme 2017<br>Arts Office<br>Galway County Council<br>Áras an Chontae<br>Prospect Hill<br>Galway | Tel. (091) 509584<br>Fax (091) 779082<br>bcunningham@galwaycoco.ie<br>www.gaillimh.ie<br>www.galway.ie |